Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

12460/2/19
REV 2

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0106(COD)**

CODEC 1415
FREMP 133
JAI 977
TELECOM 304
COMPET 642
RC 23
CONSOM 254
DAPIX 269
DATAPROTECT 215
DROIPEN 143
FIN 601
EMPL 478
MI 663
PI 131
SOC 630
ENFOCUSTOM 158
AGRI 449
ETS 30
SERVICES 42
TRANS 451
FISC 369
SAN 405
ENV 795
GAF 69
ATO 81
CYBER 261
COPEN 366
POLGEN 162
INF 259
ANIMAUX 18

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 23 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 16, 33, 43, 50, 53(1), 62, 91, 100, 103, 109, 114, 168, 169, 192, 207 agus 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 31 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh Euratom), ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

[1] 8713/18.
[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 155.

3. Ar an 16 Aibreán, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 16 go dtí an 19 Meán Fómhair 2019. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na ceithre institiúid air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 78/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe agus an Ghearmáin ag staonadh ón vótáil;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 8487/19.